**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*

**2023/0376(COD)**

20.12.2023

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí, chomh maith le Treoracha (AE) 2015/2302, (AE) 2019/2161 agus (AE) 2020/1828
(COM(2023)0649 – C9-0384/2023 – 2023/0376(COD))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir don tuairim: Laura Ballarín Cereza

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
.Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................28

IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..........................................................................................................................................30

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena Leasaítear Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí, chomh maith le Treoracha (AE) 2015/2302, (AE) 2019/2161 agus (AE) 2020/1828**
**(COM(2023)0649 – C9-0384/2023 – 2023/0376(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0649),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0384/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Chun a hacmhainneacht iomlán a bhaint amach agus soláthar le haghaidh tomhaltóirí, ba cheart a cheangal leis an Treoir seo go mbeadh rannpháirtíocht trádálaithe éigeantach in earnálacha, amhail earnálacha an iompair agus na turasóireachta, a bhíonn ag plé le líon ard gearán ó thomhaltóirí, ar choinníoll nach gcuirfear cosc léi ar na páirtithe a gceart rochtana ar an gcóras breithiúnais a fheidhmiú. Go deimhin, tugadh chun suntais i roinnt staidéar a rinneadh go mbíonn earnáil an iompair agus na turasóireachta ag plé le líon ard gearán ó thomhaltóirí, go háirithe sa réimse cearta aerphaisinéirí. I gcás inar rannphháirtíocht dheonach i nósanna imeachta den sórt sin a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gceanglófar ar thrádálaithe a roghnaíonn gan a bheith rannpháirteach an míniú ar an rogha sin a chur ar fáil go poiblí.*** |

Or. en

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) Ba cheart do chomhlachtaí RMD liosta a chur ar fáil go poiblí díobh siúd a dhiúltaíonn go córasach agus gan údar cuí torthaí na nósanna imeachta RMD a chomhlíonadh. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcás trádálaithe nach gcomhlíonann toradh nós imeachta RMD, gan beann ar thoradh an nóis imeachta sin a bheith ceangailteach, go gceanglófar ar na trádálaithe míniú i scríbhinn a chur ar fáil do na páirtithe*** |

***eile sa nós imeachta RMD.***

Or. en

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí le Treoir 2011/13/AE freisin cearta tomhaltóirí a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais lena rialaítear an caidreamh idir tomhaltóirí agus trádálaithe nuair nach bhfuil aon chaidreamh de chineál conarthach ann, maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar earraí agus seirbhísí agus chun íoc astu gan bheith thíos le hidirdhealú ar bhonn náisiúntachta, áit chónaithe nó áit bhunaíochta, dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]; ***an ceart chun cuntais bhainc a oscailt agus a athrú dá bhforáiltear in Airteagail 9, 10, 11 agus 16 de Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus gan bheith thíos le hidirdhealú dá bhforáiltear in Airteagal 15 den Treoir sin; an ceart chun faisnéis thrédhearcach a fháil maidir le coinníollacha miondíola le haghaidh glaonna agus teachtaireachtaí SMS fánaíochta dá bhforáiltear in Airteagail 13, 14 agus 15 de Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]***, an ceart chun trédhearcacht praghsanna i dtáillí agus rátaí eitilte dá bhforáiltear in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Dá bhrí sin, ba cheart a fhoráil gur féidir déileáil le díospóidí a thagann chun cinn maidir le catagóirí cearta tomhaltóirí den sórt sin i nósanna | (5) Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí le Treoir 2011/13/AE freisin cearta tomhaltóirí a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais lena rialaítear an caidreamh idir tomhaltóirí agus trádálaithe nuair nach bhfuil aon chaidreamh de chineál conarthach ann, maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar earraí agus seirbhísí agus chun íoc astu gan bheith thíos le hidirdhealú ar bhonn náisiúntachta, áit chónaithe nó áit bhunaíochta, dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], an ceart chun trédhearcacht praghsanna i dtáillí agus rátaí eitilte dá bhforáiltear in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Dá bhrí sin, ba cheart a fhoráil gur féidir déileáil le díospóidí a thagann chun cinn maidir le catagóirí cearta tomhaltóirí den sórt sin i nósanna imeachta RMD. |

imeachta RMD.

_________________

[3] Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 601, 2.3.2018, lch. 1).

***[4] Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214).***

***[5] Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 115, 13.4.2022, lch. 1).***

[6] Rialachán (CE) Uimh.1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

_________________

[3] Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 601, 2.3.2018, lch. 1).

[6] Rialachán (CE) Uimh.1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

Or. en

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú ***gur cheart go gcuirfeadh*** RMD ar a | (10) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú ***go gcuirfidh*** RMD ar a gcumas do |

| | |
|---|---|
| gcumas do thomhaltóirí nósanna imeachta RMD a thionscnamh agus a leanúint as líne freisin má iarrtar sin. Ba cheart a áirithiú freisin, i gcás ina soláthraítear uirlisí digiteacha, gur féidir leis na tomhaltóirí uile iad sin a úsáid, lena n-áirítear tomhaltóirí leochaileacha nó tomhaltóirí ag a bhfuil leibhéil éagsúla litearthachta digití. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú***, arna iarraidh sin,*** go mbeidh rochtain ag páirtithe sna díospóidí i gcónaí ar athbhreithniú ar nósanna imeachta uathoibrithe arna dhéanamh ag duine nádúrtha. | thomhaltóirí nósanna imeachta RMD a thionscnamh agus a leanúint as líne freisin má iarrtar sin. Ba cheart ***dóibh*** a áirithiú freisin, i gcás ina soláthraítear uirlisí digiteacha, gur féidir leis na tomhaltóirí uile iad sin a úsáid, lena n-áirítear tomhaltóirí leochaileacha nó tomhaltóirí ag a bhfuil leibhéil éagsúla litearthachta digití. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag páirtithe sna díospóidí i gcónaí ar athbhreithniú ar nósanna imeachta uathoibrithe arna dhéanamh ag duine nádúrtha. |

Or. en

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Chun muinín tomhaltóirí agus trádálaithe in RMD a fheabhsú agus chun a rannpháirtíocht i nósanna imeachta RMD a mhéadú, is bunriachtanas é a áirithiú go mbeidh feidhmiú agus obair na n-eintiteas RMD tomhaltóirí ar ardchaighdeán. Chuige sin, ba cheart saineolas fhoireann an eintitis RMD a fhorbairt. Ba cheart ar an ábhar sin a cheangal ar fhoireann atá rannpháirteach i nósanna imeachta RMD dul faoi oiliúint bhliantúil éigeantach chun a áirithiú go gcoinneofar a n-eolas reatha cothrom le dáta.*** |

Or. en

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ba cheart do na Ballstáit a chur ar a gcumas freisin ***d'eintitis*** RMD cásanna comhchosúla i gcoinne trádálaí sonrach a chuachadh, ionas go mbeidh na torthaí RMD comhsheasmhach do thomhaltóirí atá faoi réir an chleachtais neamhdhleathaigh chéanna, agus go mbeidh siad níos cost-éifeachtúla d'eintitis RMD agus do thrádálaithe. Ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas dá réir agus ba cheart an deis a thabhairt dóibh diúltú a ndíospóid a chuachadh. | (11) Ba cheart do na Ballstáit a chur ar a gcumas freisin do ***na heintitis*** RMD ***sin a bhfuil eolas agus saineolas leordhóthanach acu*** cásanna comhchosúla i gcoinne trádálaí sonrach a chuachadh, ionas go mbeidh na torthaí RMD comhsheasmhach do thomhaltóirí atá faoi réir an chleachtais neamhdhleathaigh chéanna, agus go mbeidh siad níos cost-éifeachtúla d'eintitis RMD agus do thrádálaithe. Ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas dá réir agus ba cheart an deis a thabhairt dóibh diúltú a ndíospóid a chuachadh. |

Or. en

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Faoi Threoir 2013/11/AE, féadfaidh na Ballstáit reachtaíocht náisiúnta a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht trádálaí in RMD a dhéanamh éigeantach in earnálacha a mheasann siad a bheith oiriúnach, chomh maith le reachtaíocht earnáilsonrach de chuid an Aontais lena bhforáiltear do rannpháirtíocht éigeantach trádálaithe in RMD. Chun rannpháirtíocht trádálaithe sna nósanna imeachta RMD a spreagadh agus chun nósanna imeachta RMD cuí tapa a áirithiú, ba cheart a cheangal ar thrádálaithe, go háirithe i gcásanna nach bhfuil a rannpháirtíocht éigeantach, freagra a thabhairt laistigh de thréimhse shonrach ar fhiosruithe arna ndéanamh ag eintitis RMD i dtaobh an bhfuil sé beartaithe acu a bheith rannpháirteach sa nós imeachta atá beartaithe. | Faoi Threoir 2013/11/AE, féadfaidh na Ballstáit reachtaíocht náisiúnta a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht trádálaí in RMD a dhéanamh éigeantach in earnálacha a mheasann siad a bheith oiriúnach, chomh maith le reachtaíocht earnáilsonrach de chuid an Aontais lena bhforáiltear do rannpháirtíocht éigeantach trádálaithe in RMD. Chun rannpháirtíocht trádálaithe sna nósanna imeachta RMD a spreagadh agus chun nósanna imeachta RMD cuí tapa a áirithiú, ba cheart a cheangal ar thrádálaithe, go háirithe i gcásanna nach bhfuil a rannpháirtíocht éigeantach, freagra a thabhairt laistigh de thréimhse shonrach ***nach faide ná 10 lá oibre*** ar fhiosruithe arna ndéanamh ag eintitis RMD i dtaobh an bhfuil sé beartaithe acu a bheith rannpháirteach sa nós imeachta atá beartaithe. ***I gcás ina*** |

| | |
|---|---|
| | ***dteipeann orthu déanamh amhlaidh, ba cheart iad a bheith faoi réir pionós faoin Treoir seo.*** |

Or. en

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(14) Chun ceanglais faisnéise agus tuairiscithe a laghdú agus chun costais a shábháil d'eintitis RMD, d'údaráis inniúla náisiúnta agus do thrádálaithe, ba cheart na ceanglais tuairiscithe agus faisnéise a shimpliú agus ba cheart méid na faisnéise a sholáthraíonn eintitis RMD do na húdaráis inniúla a laghdú.*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) I roinnt mhaith tíortha san Eoraip, ní thugtar eolas leordhóthanach do thomhaltóirí maidir le seirbhísí arna dtairiscint ag eintitis RMD tomhaltóirí a bheith ann agus maidir leis na seirbhísí atá á dtairiscint. Chun cur le feasacht tomhaltóirí ar eintitis RMD agus ar na tradálaithe atá rannpháirteach i nósanna imeachta RMD, ba cheart do thrádálaithe faisnéis RMD a chur ar fáil ar bhealach soiléir, feiceálach, sothuigthe agus sorochtana. I gcás ina bhfuil suíomh gréasáin ag trádálaí, ba cheart dó an fhaisnéis a chur i láthair ar an suíomh,*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus í scoite amach go soiléir ó fhaisnéis eile. Ba cheart an fhaisnéis a áireamh i dtéarmaí agus coinníollacha ginearálta an trádálaí, agus ar na sonraisc a eisíonn sé. Thairis sin, chun éascaíocht a dhéanamh ar chumarsáid, ba cheart do thrádalaithe seoladh ríomhphoist dílsithe a chur ar bun chun a chumasú do thomhaltóirí dul i dteagmháil leo chun críocha nósanna imeachta RMD amháin.*** |

Or. en

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14b) Beidh ríthábhacht le comhar gasta idir na gníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu le cearta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas an chórais fhorfheidhmiúcháin i gcoitinne a áirithiú do thomhaltóirí. Ba cheart Airteagal 17 de Threoir 2013/11/AE a leasú chun oibleagáid a áireamh ar eintitis RMD tuairisciú dá n-údaráis inniúla náisiúnta nó dá n-eagraíocht tomhaltóirí ar chleachtais agus téarmaí agus coinníollacha tráchtála éagóracha cibé uair a fhaigheann siad eolas orthu.*** |

Or. en

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Chun cúnamh éifeachtach a | (15) Chun cúnamh éifeachtach a |

| | |
|---|---|
| sholáthar do thomhaltóirí agus do thrádálaithe i ndíospóidí trasteorann, is gá a áirithiú go mbunóidh na Ballstáit pointí teagmhála RMD a mbeidh cúraimí orthu a shaineofar go soiléir. Tá na Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí (‘ECCanna’) breá ábalta cúraimí den sórt sin a dhéanamh, toisc go bhfuil speisialtóireacht acu i gcúnamh a thabhairt do thomhaltóirí ag a bhfuil saincheisteanna maidir lena gceannacháin trasteorann, ach ba cheart go mbeadh na Ballstáit ábalta comhlachtaí eile ag a bhfuil saineolas ábhartha a roghnú freisin. Ba cheart na pointí teagmhála RMD ainmnithe sin a chur in iúl don Choimisiún. | sholáthar do thomhaltóirí agus do thrádálaithe i ndíospóidí trasteorann, is gá a áirithiú go mbunóidh na Ballstáit pointí teagmhála RMD a mbeidh cúraimí orthu a shaineofar go soiléir. Tá na Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí (“ECCanna”) breá ábalta cúraimí den sórt sin a dhéanamh, toisc go bhfuil speisialtóireacht acu i gcúnamh a thabhairt do thomhaltóirí ag a bhfuil saincheisteanna maidir lena gceannacháin trasteorann, ach ba cheart go mbeadh na Ballstáit ábalta comhlachtaí eile ag a bhfuil saineolas ábhartha a roghnú freisin ***agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha buiséadacha agus daonna acu***. Ba cheart na pointí teagmhála RMD ainmnithe sin a chur in iúl don Choimisiún. |

Or. en

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Lena áirithiú go mbeidh tomhaltóirí ábalta eintiteas oiriúnach RMD a aimsiú go héasca, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, ba cheart don Choimisiún uirlis idirghníomhach dhigiteach a fhorbairt agus a chothabháil lena soláthraítear faisnéis faoi phríomhthréithe na n-eintiteas RMD agus naisc le leathanaigh ghréasáin na n-eintiteas RMD, mar a cuireadh in iúl dó iad. | (17) Lena áirithiú go mbeidh tomhaltóirí ábalta eintiteas oiriúnach RMD a aimsiú go héasca, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, ba cheart don Choimisiún uirlis idirghníomhach dhigiteach a fhorbairt agus a chothabháil lena soláthraítear faisnéis faoi phríomhthréithe na n-eintiteas RMD agus naisc le leathanaigh ghréasáin na n-eintiteas RMD, mar a cuireadh in iúl dó iad***, agus tomhaltóirí a threorú chuig comhlacht inniúil chun a ndiospóidí a réiteach***. ***Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh comhordú idir an uirlis idirghníomhach dhigiteach sin agus uirlisí digiteacha eile Aontais agus náisiúnta. Le linn dó an uirlis sin a fhorbairt, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha,*** |

| | |
|---|---|
| | ***lena n-áirítear Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí, eagraíochtaí tomhaltóirí nó comhlachtaí eile a bhíonn ag plé le cosaint tomhaltóirí.*** |

Or. en

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Beidh sé riachtanach do na Ballstáit pionóis a leagan síos maidir le sáruithe ar an Treoir seo agus a áirithiú go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.*** |

Or. en

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 1:*** |
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Ábhar | Ábhar |
| Is é is cuspóir don Treoir seo, trí ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach, rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trína áirithiú gur féidir le tomhaltóirí, ar bhonn deonach, gearáin faoi thrádálaithe a chur faoi bhráid eintitis a thairgeann nósanna imeachta | 'Is é is cuspóir don Treoir seo, trí ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach, rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trína áirithiú gur féidir le tomhaltóirí, ar bhonn deonach, gearáin faoi thrádálaithe a chur faoi bhráid eintitis a thairgeann nósanna imeachta |

| | |
|---|---|
| malartacha neamhspleácha, neamhchlaona, trédhearcacha, éifeachtacha, tapa agus córa um réiteach díospóidí. Tá an Treoir seo gan dochar don reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar rannpháirtíocht sna nósanna imeachta sin éigeantach, ar choinníoll nach gcoisceann an reachtaíocht sin ar na páirtithe a gceart rochtana ar an gcóras breithniúnach a fheidhmiú. | malartacha neamhspleácha, neamhchlaona, trédhearcacha, éifeachtacha, tapa agus córa um réiteach díospóidí. |
| | ***Ceanglaítear leis an Treoir seo rannpháirtíocht na dtrádálaithe i nósanna imeachta RMD a bheith éigeantach in earnáil an iompair agus na turasóireachta, agus nach gcoiscfear ar na páirtithe a gceart rochtana ar an gcóras breithiúnach a fheidhmiú.*** |
| | Tá an Treoir seo gan dochar don reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar rannpháirtíocht sna nósanna imeachta sin éigeantach ***in earnálacha eacnamaíocha seachas iad siúd dá dtagraítear sa dara fomhír***, ar choinníoll nach gcoisceann an reachtaíocht sin ar na páirtithe a gceart rochtana ar an gcóras breithniúnach a fheidhmiú. |
| | ***I gcás inar rannpháirtíocht dheonach sna nósanna imeachta sin a leagtar síos faoin reachtaíocht náisiúnta, ceanglóidh na Ballstáit ar thrádálaithe a roghníonn gan a bheith rannpháirteach a gcúiseanna leis an rogha sin a mhíniú, agus a míniú a chur ar fáil go poiblí.***’ |

Or. en

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) cleachtais agus téarmaí tráchtála*** | ***scriosta*** |

***éagóracha,***

Or. en

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iv) rochtain ar sheirbhísí agus ar sheachadtaí,*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(v) leigheasanna i gcás neamhchomhlíonadh táirgí agus ábhair dhigitigh,*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh na Ballstáit na nósanna*** | ***scriosta*** |

***imeachta RMD a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm, freisin maidir le catagóirí díospóidí seachas na cinn a liostaítear sa chéad fhomhír, pointe (b).***

Or. en

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 5 – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí gearáin agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur isteach ar líne ar bhealach inrianaithe agus a áirithiú go bhféadfaidh tomhaltóirí freisin na doiciméid sin a chur isteach agus rochtain a fháil orthu i bhformáid neamhdhigiteach ***arna iarraidh sin dóibh***; | (a) a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí gearáin agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur isteach ar líne ar bhealach inrianaithe agus a áirithiú go bhféadfaidh tomhaltóirí freisin na doiciméid sin a chur isteach agus rochtain a fháil orthu i bhformáid neamhdhigiteach; |

Or. en

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 5 – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***an ceart a dheonú do na páirtithe sa díospóid a iarraidh*** go ndéanfadh duine nádúrtha athbhreithniú ar thoradh an nós imeachta RMD i gcás ina ndearnadh an nós imeachta trí mhodhanna uathoibrithe; | (c) ***a áirithiú*** go ndéanfadh duine nádúrtha athbhreithniú ar thoradh an nós imeachta RMD i gcás ina ndearnadh an nós imeachta trí mhodhanna uathoibrithe; |

Or. en

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 5 – mír 2 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) féadfar cásanna comhchosúla i gcoinne trádálaí sonrach amháin a chuachadh in aon nós imeachta amháin, ar choinníoll go gcuirfear an tomhaltóir lena mbaineann ar an eolas agus ***nach ndéanfaidh sé nó sí agóid ina choinne*** sin; | (d) féadfar cásanna comhchosúla i gcoinne trádálaí sonrach amháin a chuachadh in aon nós imeachta amháin, ar choinníoll go gcuirfear an tomhaltóir lena mbaineann ar an eolas agus ***go gcomhaontaíonn sé nó sí é sin go sainráite agus go bhfuil eolas agus saineolas leordhóthanach ag an eintiteas RMD chun déileáil leis na cásanna cuachta***; |

Or. en

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe d**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 5 – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le trádálaithe atá bunaithe ina gcríocha a ndéanann eintiteas RMD teagmháil leo óna dtír féin nó ó Bhallstát eile, go gcuirfidh siad an t-eintiteas RMD sin ar an eolas i dtaobh an nglacann nó nach nglacann siad le bheith rannpháirteach sa nós imeachta beartaithe agus freagra a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnach ama ***20*** lá oibre ar a mhéad.. | 8. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le trádálaithe atá bunaithe ina gcríocha a ndéanann eintiteas RMD teagmháil leo óna dtír féin nó ó Bhallstát eile, go gcuirfidh siad an t-eintiteas RMD sin ar an eolas i dtaobh an nglacann nó nach nglacann siad le bheith rannpháirteach sa nós imeachta beartaithe agus freagra a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnach ama ***10*** lá oibre ar a mhéad. |

Or. en

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 6 – mír 6

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. In Airteagal 6, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 6:*** |
| 6. Chun críocha phointe (a) de mhír 1, ***spreagfaidh*** na Ballstáit eintitis RMD ***chun*** oiliúint ***a chur*** ar fáil do dhaoine nádúrtha atá i gceannas ar RMD. ***I gcás ina gcuirtear an oiliúint sin ar fáil,*** déanfaidh údaráis inniúla faireachán ar na scéimeanna oiliúna arna mbunú ag eintitis RMD, ar bhonn faisnéis a chuirtear in iúl dóibh i gcomhréir le pointe (g) d’Airteagal 19(3). | ***‘***6. Chun críocha phointe (a) de mhír 1, ***áiritheoidh*** na Ballstáit ***go gcuirfidh*** eintitis RMD oiliúint ***bhliantúil*** ar fáil do dhaoine nádúrtha atá i gceannas ar RMD***, go háirithe i réimse dhlí na dtomhaltóirí agus reachtaíocht earnála ábhartha eile***. Déanfaidh údaráis inniúla faireachán ar na scéimeanna oiliúna arna mbunú ag eintitis RMD, ar bhonn faisnéis a chuirtear in iúl dóibh i gcomhréir le pointe (g) d’Airteagal 19(3).***’*** |

Or. en

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 7 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Leasaítear Airteagal 7, mír 2, mar a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) sa fhrása tosaigh, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:*** | |
| ***‘Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh eintitis RMD tuarascálacha gníomhaíochta débhliantúla iomchuí ar fáil go poiblí ar a suíomhanna gréasáin, ar mheán marthanach arna iarraidh sin dóibh, agus ar aon mhodh eile a mheasann siad a bheith iomchuí.'*** | |

***(b)	scriostar pointe (h).***

Or. en

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 7 – mír 2 – pointe g

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a.	In Airteagal 7, mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (g):*** |
| (g) ráta comhlíonta thorthaí na nósanna imeachta RMD, más eol; | ráta comhlíonta thorthaí na nósanna imeachta RMD, más eol***, agus na trádálaithe a dhiúltaíonn go córasach agus gan údar cuí torthaí na nósanna imeachta RMD a chomhlíonadh***;***’*** |

Or. en

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 b (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 11a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b.	Cuirtear isteach an tAirteagal a leanas:*** |
| | ***‘Airteagal 11a*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás nach gcomhlíonann tradálaithe toradh nós imeachta RMD, gan beann i dtaobh toradh an nós imeachta sin a bheith ceangailteach, go gceanglaítear orthu míniú i scríbhinn a chur ar fáil do na páirtithe eile sa nós imeachta RMD.’*** |

Or. en

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 c (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 13 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4c. In Airteagal 13, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar ***ar bhealach soiléir, intuigthe agus sorochtana*** ar shuíomh gréasáin an trádálaí, sa chás gurb ann dó, ***agus más iomchuí,*** i dtéarmaí agus coinníollacha ginearálta conarthaí díolacháin nó seirbhíse idir an trádálaí agus tomhaltóir. | "2. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar***:*** |
| | ***(a)*** ar shuíomh gréasáin an trádálaí, sa chás gurb ann dó, ***ar bhealach soiléir, feiceálach, intuigthe agus sorochtana, agus í scartha go soiléir ó fhaisnéis eile ar shuíomh gréasáin an tradálaí;*** |
| | ***(b)*** i dtéarmaí agus coinníollacha ginearálta conarthaí díolacháin nó seirbhíse idir an trádálaí agus tomhaltóir***; agus*** |
| | ***(c) ar na sonraisc arna n-eisiúint ag an trádálaí***. |
| | ***2a. Bunóidh trádálaithe seoladh ríomhphoist dílsithe trína dtabharfar deis do thomhaltóirí dul i dteagmháil leo chun críocha nósanna imeachta RMD amháin."*** |

Or. en

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 13 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. In airteagal 13, scriostar mír 3.*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 14 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála RMD a bheidh i gceannas ar an gcúram dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh gach Ballstát ainm agus sonraí teagmhála a phointe teagmhála RMD in iúl don Choimisiún. Tabharfaidh na Ballstáit an fhreagracht as oibriú na bpointí teagmhála RMD dá lárionad a bhaineann le Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, ***nó, mura féidir é sin a dhéanamh,*** d'eagraíochtaí tomhaltóirí nó d'aon chomhlacht eile a bhíonn ag plé le cosaint tomhaltóirí. | 2. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála RMD a bheidh i gceannas ar an gcúram dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh gach Ballstát ainm agus sonraí teagmhála a phointe teagmhála RMD in iúl don Choimisiún. Tabharfaidh na Ballstáit an fhreagracht as oibriú na bpointí teagmhála RMD dá lárionad a bhaineann le Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, d'eagraíochtaí tomhaltóirí nó d'aon chomhlacht eile a bhíonn ag plé le cosaint tomhaltóirí ***agus áiritheoidh siad go mbeidh acmhainní leordhóthanacha buiséadacha agus daonna acu***. |

Or. en

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 17 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. In Airteagal 17, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Áireofar sa chomhar sin go háirithe | '2. Áireofar sa chomhar sin go háirithe |

malartú frithpháirteach faisnéise maidir le nósanna imeachta in earnálacha sonracha gnó ar mhinic gearáin déanta ag tomhaltóirí ina leith. Áireofar ann freisin measúnú teicniúil agus faisnéis theicniúil arna soláthar ag na húdaráis náisiúnta sin d'eintitis RMD i gcás ina bhfuil gá leis an measúnú nó leis an bhfaisnéis sin chun díospóidí aonair a láimhseáil agus ina bhfuil an measúnú nó an fhaisnéis ar fáil cheana féin.

malartú frithpháirteach faisnéise maidir le nósanna imeachta in earnálacha sonracha gnó ar mhinic gearáin déanta ag tomhaltóirí ina leith***. Áireofar ann freisin oibleagáid ar eintitis RMD tomhaltóirí a threorú chuig údaráis cosanta tomhaltóirí agus/nó eagraíochtaí tomhaltóirí aon uair a thuairiscíonn siad cleachtais margaidh mhíthreoracha, agus tuairisciú do na húdaráis inniúla aon uair a fhaigheann siad amach faoi chleachtais agus téarmaí agus coinníollacha tráchtála éagóracha***. Áireofar ann freisin measúnú teicniúil agus faisnéis theicniúil arna soláthar ag na húdaráis náisiúnta sin d'eintitis RMD i gcás ina bhfuil gá leis an measúnú nó leis an bhfaisnéis sin chun díospóidí aonair a láimhseáil agus ina bhfuil an measúnú nó an fhaisnéis ar fáil cheana féin.***'***

Or. en

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 b (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 18 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. In Airteagal 18, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil a dhéanfaidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagail 19 agus 20. Féadfaidh gach Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin a ainmniú. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát amhlaidh, cinnfidh sé cé acu de na húdaráis inniúla a ainmníodh an pointe teagmhála aonair don Choimisiún. Cuirfidh gach Ballstát an t-údarás inniúil nó, más iomchuí, na húdaráis inniúla, lena n-áirítear an pointe teagmhála aonair atá ainmnithe aige, in iúl don Choimisiún. | '1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil a dhéanfaidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagail 19 agus 20. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leordhóthanacha buiséadacha agus eile ag a n-údaráis inniúla, lena n-áirítear líon leordhóthanach pearsanra inniúil, a mbeidh an saineolas riachtanach acu, agus go mbeidh na nósanna imeachta agus na socruithe eile i bhfeidhm acu chun a ndualgais a chomhlíonadh go hiomchuí.*** Féadfaidh gach Ballstát níos mó ná údarás inniúil |

| | |
|---|---|
| | amháin a ainmniú. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát amhlaidh, cinnfidh sé cé acu de na húdaráis inniúla a ainmníodh an pointe teagmhála aonair don Choimisiún. Cuirfidh gach Ballstát an t-údarás inniúil nó, más iomchuí, na húdaráis inniúla, lena n-áirítear an pointe teagmhála aonair atá ainmnithe aige, in iúl don Choimisiún.*’* |

Or. en

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 c (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 19 – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6c. In Airteagal 19, leasaítear mír 3 mar a leanas:*** |
| | ***(a) cuirtear an méid a leanas in ionad na coda réamhráití:*** |
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go seolfaidh na heintitis RMD faisnéis chuig an gCoimisiún gach ***dhá bhliain*** maidir leis an méid a leanas: | *‘*3. Áiritheoidh na Ballstáit go seolfaidh na heintitis RMD faisnéis chuig an gCoimisiún gach ***bliain*** maidir leis an méid a leanas: |
| | ***(b) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (d):*** |
| (d) ráta comhlíonta thorthaí na nósanna imeachta RMD, más eol***;*** | *‘*(d) ráta comhlíonta thorthaí na nósanna imeachta RMD, más eol ***agus na trádálaithe a dhiúltaionn go córasach agus gan údar cuí torthaí nósanna imeachta RMD a chomhlíonadh,’*** |

Or. en

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2013/11/AE
Airteagal 19 – mír 3 – pointí f, g agus h

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***7. In Airteagal 19(3), scriostar pointí (f), (g) agus (h).*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 20 – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. In Airteagal 20, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 5:*** |
| 5. Cuirfidh gach údarás inniúil liosta comhdhlúite na n-eintiteas RMD dá dtagraítear i mír 4 ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin trí nasc le suíomh gréasáin ábhartha an Choimisiúin a thabhairt. Ina theannta sin, cuirfidh gach údarás inniúil an liosta comhdhlúite sin ar fáil go poiblí ar mheán marthanach. | "5. Cuirfidh gach údarás inniúil liosta comhdhlúite na n-eintiteas RMD dá dtagraítear i mír 4 ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin trí nasc le suíomh gréasáin ábhartha an Choimisiúin a thabhairt. Ina theannta sin, cuirfidh gach údarás inniúil an liosta comhdhlúite sin ar fáil go poiblí ar mheán marthanach. ***Cuirfidh gach údarás inniúil ar fáil go poiblí liosta na dtrádálaithe a dhiúltaíonn go córasach agus gan údar cuí torthaí nósanna imeachta RMD a chomhlíonadh."*** |

Or. en

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 20 – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfaidh an Coimisiún uirlis idirghníomhach dhigiteach a fhorbairt agus a chothabháil lena soláthrófar faisnéis ghinearálta maidir le sásamh tomhaltóirí agus naisc le leathanaigh ghréasáin na n-eintiteas RMD ar tugadh fógra ina leith dó i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. | 8. Déanfaidh an Coimisiún uirlis idirghníomhach dhigiteach ***sholáimhsithe*** a fhorbairt agus a chothabháil lena soláthrófar faisnéis ghinearálta maidir le sásamh tomhaltóirí agus naisc le leathanaigh ghréasáin na n-eintiteas RMD ar tugadh fógra ina leith dó i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo***, lena dtreorófar tomhaltóirí chuig comhlacht inniúil chun a ndíospidí a réiteach***.<br>***Beidh an Coimisiún freagreach as an uirlis idirghníomhach dhigiteach sin a chomhordú agus as uirlisí digiteacha náisiúnta a chomhordú, i gcás inarb iomchuí.***<br>***Le linn dó an uirlis a fhorbairt, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí, eagraíochtaí tomhaltóirí nó comhlachtaí eile a bhíonn ag plé le cosaint tomhaltóirí.*** |

Or. en

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**
Treoir 2013/11/AE
Airteagal 21

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 21:*** |
| Airteagal 21 | Airteagal 21 |
| Pionóis | Pionóis |
| Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar ***na forálacha*** náisiúnta a ghlactar go háirithe ***de bhun*** Airteagal 13 agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a | ‘***1.*** Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar ***fhorálacha*** náisiúnta a ghlactar ***de bhun na Treorach seo*** go háirithe ***Airteagal 5(8)*** |

áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

***agus*** Airteagal 13 agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

***2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na critéir neamh-uileghabhálacha agus tháscacha seo a leanas san áireamh agus pionóis á bhforchur, i gcás inarb iomchuí:***

***(a) cineál, tromchúis, scála agus ré an tsáraithe;***

***(b) aon ghníomhaíocht a rinne an trádálaí chun an damáiste a bhain do thomhaltóirí a mhaolú nó a leigheas;***

***(c) aon sáruithe roimhe sin ag an trádálaí;***

***(d) na tairbhí airgeadais a ghnóthaigh an trádálaí nó na caillteanais a sheachain sé mar thoradh ar an sárú, más rud é go bhfuil na sonraí ábhartha ar fáil;***

***(e) pionóis arna bhforchur ar an trádálaí i leith an tsáraithe chéanna i mBallstáit eile i gcásanna trasteorann ina bhfuil an fhaisnéis faoi phionóis den sórt sin ar fáil tríd an sásra a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;***

***(f) aon tosca géaraitheacha nó maolaitheacha eile is infheidhme maidir le himthosca an cháis.***

***3. Tabharfaidh na Ballstáit, faoin ... [24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha agus na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.***

Or. en

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Bhí sé mar aidhm leis an Treoir maidir le Réiteach Malartach Díospóidí (RMD) do thomhaltóirí ó 2013 a áirithiú go mbeadh rochtain ag tomhaltóirí laistigh den Aontas Eorpach ar phróisis ar ardchaighdeán lasmuigh den chúirt chun réiteach a fháil ar a ndíospóidí conarthacha i gcoinne trádálaithe a bhí bunaithe san Aontas Eorpach. Dá ainneoin sin, ba é conclúid thuarascáil 2019 ón gCoimisiún ar fheidhmiú Threoir RMD agus an Rialacháin maidir le Réiteach Díospóidí Ar Líne (ODR) nach bhfuil a acmhainn iomlán á baint amach ag an gcreat RMD/ODR. Agus rud eile, de réir Scórchláir Tomhaltóirí 2023 de chuid an Choimisiúin, ainneoin gur fhulaing an cheathrú cuid de na tomhaltóirí fadhb arbh fhiú gearán a dhéanamh ina leith, bhí trian díobh nár ghníomhaigh de bharr na dtreimhsí fada nós imeachta, na méideanna beaga a bhí i gceist, nó iad in amhras an bhfaighfí réiteach sásúil ar an bhfadhb. Dá thoradh sin ní bhíonn ach 300,000 díospóid incháilithe san Aontas in aghaidh na bliana.

Sa togra ón gCoimisiún maidir leis an Treoir RMD a athbhreithniú tá sé mar aidhm dul in oiriúint do dhíospóidí a eascraíonn as treochtaí nua sa mhargadh tomhaltóirí, a mbíonn i bhfad níos mó den cheannach ar líne i gceist leo, lena n-áirítear ó thrádálaithe neamh-AE. Cuireann an togra le raon feidhme na Treorach RMD chun an uile chineál díospóidí tomhaltóirí a áireamh lena n-áirítear cearta tomhaltóirí is infheidhme maidir le staideanna conarthacha agus neamhchonarthacha, agus trádálaithe arna mbunú lasmuigh den Aontas Eorpach. Tugann an togra uirlis dhigiteach idirghníomhach nua isteach lena soláthrófar faisnéis ghinearálta maidir le sásamh tomhaltóirí agus naisc le leathanaigh ghréasáin na n-eintiteas RMD ar tugadh fógra ina leith.

Aontaíonn an Rapóirtéir go mbeidh an Treoir RMD le nuachóiriú chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na nósanna imeachta RMD a fheabhsú, agus tuilleadh deiseanna a thabhairt do thomhaltóirí a ndíospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt ar bhealach níos tapúla, níos saoire agus níos áisiúla. Is geal leis an Rapóirtéir an t-athbhreithniú ar an nós imeachta RMD, mar sin féin, is oth léi nár thug an Coimisiún aghaidh ach go pointe ar fhadhbanna struchtúrtha na nósanna imeachta RMD, amhail rannpháirtíocht íseal gnólachtaí agus tomhaltóirí san RMD, easpa feasachta na dtomhaltóirí, agus easpa muiníne tomhaltóirí agus trádálaithe in eintitis RMD. Ar an ábhar sin, tá sé mar aidhm leis an dréacht-tuarascáil cur le leibhéal na huaillmhéine sa togra ón gCoimisiún agus cuspóir aici a mbaineann dhá ghné leis: cur le feasacht tomhaltóirí ar nósanna imeachta RMD agus le rannpháirtiocht na dtrádálaithe iontu.

Maidir leis an **raon feidhme ábhartha** atá á mholadh ag an gCoimisiún, creideann an Rapóirtéir dá leathnófaí na hoibleagáidí neamhchonarthacha agus réamhchonarthacha go bhféadfadh mearbhall ar thomhaltóirí agus ar thrádálaithe a bheith mar thoradh air, agus easpa acmhainní riachtanacha agus saineolas riachtanach ar eintitis RMD chun an díospóid a láimhseáil. Ar an ábhar sin, molann an Rapóirtéir leathnú réasúnta ar raon feidhme ábhartha RMD tomhaltóirí, agus molann sí cearta tomhaltóirí reachtacha sonracha nach gcumhdaítear go fóill faoin Treoir reatha a áireamh, amhail neamh-idirdhealú ar bhonn náisiúntachta nó áit chónaithe, an ceart chun soláthraithe a mhalartú, cearta paisinéirí agus taistealaithe agus oibleagáidí éigeantacha réamhchonarthacha trádálaithe. Thairis sin, is geal leis an Rapóirtéir an leathnú ar an **raon feidhme geografach** chun an fhéidearthacht a áireamh i gcás tradálaithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach a bheith rannpháirteach (ar bhonn deonach) i nósanna imeachta RMD.

Maidir le **rannpháirtíocht trádálaithe i nósanna imeachta RMD**, molann an Rapóirtéir aghaidh a thabhairt ar an gceist ó dhá pheirspictíocht: (1) rannpháirtíocht trádálaithe i nósanna imeachta RMD, agus (2) toradh na nósanna imeachta sin á chomhlíonadh ag trádálaithe. Molann an Rapóirtéir ar an ábhar sin go mbeadh rannpháirtiocht trádálaithe éigeantach i réimsí na turasóireachta agus an iompair, mar gheall ar an líon ard gearán ó thomhaltóirí. Maidir leis na hearnálacha sin inar rannpháirtíocht dheonach i nósanna imeachta RMD a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta, tá oibleagáid ar thrádálaithe míniú a thabhairt ar an bhfáth a roghnaíonn siad gan a bheith rannpháirteach sa nós imeachta á tabhairt isteach ag an Rapóirtéir. Is geal leis an Rapóirtéir an oibleagáid nua ar thrádálaithe freagairt d'iarratas arna dhéanamh ag eintiteas RMD i dtaobh an mbeartaíonn nó nach mbeartaíonn siad a bheith rannpháirteach i nós imeachta RMD ina n-aghaidh. Mar sin féin, creideann an Rapóirtéir go dtabharfadh 10 lá oibre fráma ama leordhóthanach do na trádálaithe chun freagra a thabhairt (seachas 20 lá mar a bhí á mholadh ag an gCoimisiún).
Chun méadú ar rannpháirtíocht trádálaithe sna nósanna imeachta RMD, molann an Rapóirtéir maidir le trádálaithe a thugann neamhaird go héagórach agus go seasta ar thorthaí nósanna imeachta RMD go mbeidh a n-ainmneacha ar eolas go poiblí ag na Ballstáit, agus go gceanglófar orthu mínithe i scríbhinn a thabhairt do na páirtithe eile sa nós imeachta RMD sa chás nach gcomhlíonann siad a chinneadh.

Ina theannta sin, creideann an Rapóirtéir go láidir gur cheart athbhreithniú an RMD a bheith ina dheis chun **cur le feasacht tomhaltóirí agus trádálaithe agus lena muinín sna nósanna imeachta RMD**. Sin an fáth a bhfuil feasacht tomhaltóirí níos fearr á moladh ag an Rapóirtéir trína bhunú go mbeadh sé ina oibleagáid faisnéis RMD a chur ar fáil: ar shuíomh gréasáin an trádálaí, agus í scartha ó fhaisnéis eile, sna téarmaí agus coinníollacha ginearálta agus ar na sonraisc arna n-eisiúint ag an trádálaí. Seachas an fhaisnéis a thugtar, beidh ar na trádálaithe seoladh ríomhphoist dílsithe a chur ar bun trína dtabharfar deis do thomhaltóirí dul i dteagmháil leo chun críocha nósanna imeachta RMD amháin. Chun an saineolas agus an t-eolas a fheabhsú, molann an Rapóirtéir oiliúint bhliantúil éigeantach le haghaidh fhoireann RMD chun a áirithiú go ndéanfar a gcuid eolais a nuashonrú go leanúnach lenar mó a leas teacht ar réiteach díospóide lasmuigh den chúirt. San oiliúint a mholtar cumhdófar réimse dhlí na dtomhaltóirí agus reachtaíocht earnála ábhartha eile.

Maidir leis na **hoibleagáidí tuairiscithe ar eintitis RMD**, molann an Coimisiún roinnt de na ceanglais tuairiscithe a leagtar ar eintitis RMD tomhaltóirí i láthair na huaire a bhaint, go háirithe faisnéis faoin oiliúint a sholáthraíonn eintitis RMD dá bhfoireann nó measúnú ar a éifeachtaí atá an nós imeachta RMD arna thairiscint ag an eintiteas agus ar bhealaí féideartha chun a bhfeidhmíocht a fheabhsú. Easaontaíonn an Rapóirtéir le hoibleagáidí tuairiscithe a bhaint, ar oibleagáidí iad a thugann deis d'údaráis inniúla maoirseacht éifeachach a dhéanamh ar eintitis RMD.

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas agus an dréacht-tuarascáil á hullmhú aici:

| **Eintiteas agus/nó** |
|---|
| BEUC - The European Consumer Organization |
| European Consumer Center Germany |
| Centro Europeu do Consumidor Portugal |
| FACUA - consumidores en accion |
| European Consumer Center Sweden |
| Agencia Catalana de Consum |
| Business Europe |
| European Advertising Standards Alliance |
| Ecommerce Europe |
| Amazon Europe |
| European Consumer Center France |
| Representación Permanente de España Ante la Unión Europea |

Is í an rapóirtéir amháin atá freagrach as an liosta thuas a chur le chéile.